# 2020

# Plean Cianda Teagaisc agus Foghlama do Ghaelscoil Uí Earcáin



Múinteoir Richard

# Aguisín do B.U.I. (Beartas Úsáide Inghlactha)

1.0 Réamhrá

2.0 Comhthéacs

3.0 Treoirlínte maidir le cumarsáid mhaith ar line

4.0 Na meáin a bheidh in úsáid ag an scoil

5.0 Rialacha maidir le páistí ag úsaid cumarsáide ar line

6.0 Treoirlínte do thuismitheoirí/caomhnóirí

7.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do pháistí

8.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do thuismitheoirí

9.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do mhúinteoirí/CRSanna

10.0 Soláthar Cianda Teagaisc agus Foghlama go sonrach do na cásanna seo leanas a bhaineann le Covid 19

11.0 Achoimre

12.0 Aipeanna Molta

# 1.0 Réamhrá

Mar fhreagairt ar an am éiginnteachta seo maidir le dúnadh scoileanna, tá an polasaí seo curtha le chéile againn chun imlíne a thabhairt ar an mbealach a gcoinneoidh an scoil an nasc idir scoil agus baile. Sa chás go mbeidh dúnadh scoile eile iomlán nó páirteach, tá sé mar aidhm againn cumarsáid a dhéanamh lenár bpáistí tríd Aladdin, Dojo Ranga agus Zoom.

Feicimid go bhfuil sábháilteacht ar líne thar a bheith tábhachtach agus 'sí aidhm na cáipéise seo cuidiú le foireann agus páistí na scoile a chosaint agus iad ag múineadh agus ag foghlaim ar líne.

Ní ghlacann an polasaí seo áit Polasaí Úsáid Inghlactha na scoile ach moltar é mar thacaíocht breise ar an réimse foghlama ón ardán digiteach. Ba chóir an polasaí seo a chur i láthair i gcuideachta Polasaí Iompair na Scoile agus Polasaí Frithbhulaíochta na Scoile.

'Sé príomhdhualgas gach scoil ná leas na bhfoghlaimeoirí ina scoil. Mar sin, déanann an polasaí seo iarracht cinntiú go bhfuil cianfhoghlaim sábháilte do gach páiste agus go gcosnaítear sonraí pearsanta agus íogaire faoin reachtaíocht RGCS. Caithfidh scoileanna a chinntiú go ndéantar an fhoghlaim i dtimpeallacht atá measúil agus cothrom agus a chomhlíonann a gcuid dualgais reachtiúil.

Cuireadh an polasaí seo le chéile de réir fhorálacha na Roinne Oideachais agus Scileanna agus rannóga ábharthach de:

a) An tAcht Oideachais (1998)

b) An tAcht (Leasa) Oideachais (1998)

c) An tAcht um Stadas Comhionann (2000)

d) An tAcht um Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta Oideachais (2004)

e) An tAcht um Míchumas (2005)

f) An tAcht um Leanaí ar dTús (2017)

g) RGCS

h) An tAcht um Chosaint Sonraí (2018)

i) An Roinn Oideachais agus Scileanna: Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna

j) Treoirlínte BNLO maidir le Cód Iompair a Fhorbairt (2008)

k) Treoir ROS ar Leanúnachas na Scolaíochta do Bhunscoileanna (Belataine 2008)

*l)* Treoir ROS ar Leanúnachas na Scolaíochta: Ag t*acú le Daltaí Bunscoile atá i mBaol an-Ard do Chovid 19 (Lúnasa 2020)*

Is doiciméad oibre é seo. De réir mar a leanaimid orainn ag iniúchadh roghanna atá ar fáil chun tacú le cianfhoghlaim, déanfaimid an doiciméad a nuashonrú.

## 2.0 Comhthéacs

Tá an Teagasc agus an Fhoghlaim ag síorathrú, go háirithe agus muid ag bogadh níos doimhne isteach sa 21ú haois. Tugann forbairtí in TF deiseanna iontacha dúinn uilig mar fhoghlaimeoirí agus mar mhúinteoirí. Ní raibh scóip níos mó ann riamh le teicneolaíocht a úsáid agus leanann sé ag athrú an caidreamh foghlama idir múinteoirí agus páistí. Ciallaíonn dul chun cinn sa teicneolaíocht gur féidir tascanna a sheachadadh go cianda agus go dtugann rochtain níos fearr ar eolas ar an idirlíon na deiseanna chun fíorfhoghlaim a dhéanamh faoi threoir fhaire agus ghairmiúil an mhúinteora. Mar sin féin, cé acu atá an páiste treoraithe go cianda nó trí thimpeallacht thraidisiúnta an tseomra ranga, tá sé an-tábhachtach go mbeadh a fhios ag na comhpháirtithe uilig go bhfuil na rialacha reachtúla céanna i bhfeidhm nuair a dhéantar malartú foghlama idir an páiste agus an múinteoir, cé acu sa bhaile nó ar scoil, sé sin go bhfuil Cód Iompar Dearfach na scoile agus polasaithe uilig na scoile i bhfeidhm.

Aithnímid go bhfuil comhoibriú ar líne riachtanach don chianfhoghlaim agus go bhfuil teaghlaigh i bhfabhar níos mó deiseanna chun an nasc idir an scoil agus an baile a choinneáil. Úsáideann Gaelscoil Uí Earcáin uirlisí ar líne, atá oiriúnach do pháistí, a chabhraíonn le teagasc agus foghlaim níos éifeachtaí a sholáthar agus ag an am céanna a chothaíonn cumarsáid níos fearr idir foireann, teaghlaigh agus páistí.

## 3.0 Treoirlínte maidir le cumarsáid mhaith ar line

1. Bítear ag súil go n-iompróidh baill foirne, teaghlaigh agus páistí iad féin ar bhealach oiriúnach, sábháilte, measúil agus cineálta ar líne.
2. Tá sé mar dhualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí feitheoireacht a dhéanamh ar pháistí agus iad ag obair ar líne agus cinntiú go bhfuil aon ábhar a sheolann siad chuig an múinteoir oiriúnach.
3. Déanfaidh baill foirne cumarsáid le páistí agus teaghlaigh trí DojoRanga nó Aladdin.
4. Beidh Rang Zoom ag gach rang go seachtainiúil.
5. Níor chóir, ar aon bhealach, go mbeadh grianghraif nó taifid a dhéanamh ar ghlaonna físe.
6. Is chun críocha oideachais amháin a bheidh aon chineál cumarsáid leictreonacha agus chun cumarsáid le teaghlaigh a cheadú.
7. Déanfaidh páistí agus an fhoireann cumarsáid ag úsáid uirlisí atá ceadaithe ag an scoil agus a bhfuil tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas fúthu.
8. Gheofar cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí nuair atá DojoRanga a eagrú.
9. Do ghlaonna físe/Zoom caithfear cead tuismitheoirí/caomhnóirí a fháil mar is seoladh ríomhphoist tuismitheoirí/caomhnóirí a bheidh in úsáid. Glacfar leis má tá páiste ag logáil isteach go bhfuil cead faighte.
10. Ar chúiseanna slándála cuirfear pasfhocal ar fáil do theaghlaigh nuair is infheidhme.
11. Ní féidir le Gaelscoil Uí Earcáin freagracht a ghlacadh as slándáil ardáin ar líne. Is dualgas tuismitheoirí/caomhnóirí é feitheoireacht a dhéanamh ar a bpáistí agus iad ag obair ar líne agus a chinntiú go bhfuil aon ábhar tugtha don mhúinteoir oiriúnach.

Bainfidh Gaelscoil Uí Earcáin úsáid as trí ardán ar líne chun teagmháil agus ceangal a dhéanamh le teaghlaigh/páistí. San áireamh inár bPlean Cianda Teagaisc agus Foghlama beidh meascán d’obair tugtha, ceachtanna réamh thaifeada (DojoRanga) agus seisiúin bheo (Zoom), chomh maith le ríomhphoist trí Aladdin.

# 4.0 Na meáin a bheidh in úsáid ag an scoil.

### Ríomhphoist Aladdin

Déanfaidh an fhoireann cumarsáid rialta le tuismitheoirí/caomhnóirí/páistí trí ríomhphoist. Iarrtar ar gach teaghlach é a sheiceáil go laethúil le haghaidh nuashonruithe agus eolas tábhachtach eile. Beidh seoladh ríomhphoist ranga ag gach múinteoir trína ndéanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí. Tabharfar freagraí ar cheisteanna ó tuismitheoirí/caomhnóirí ach ríomhphost a sheoladh ag eolas@gsue.ie nó teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir ranga trí DojoRanga i rith am scoile. Iarrtar go mbeidh baint iomlán ag aon cheist le teagasc agus foghlaim do pháiste.

### Dojo Ranga

Is chun páistí ceangal a dhéanamh lena rang agus a múinteoir atá an Aip DojoRanga. Tá rogha acu eolas a uaslódáil go fillteáin don mhúinteoir. Úsáidtear an Aip seo ó N.Bheaga – Rang 6 agus is gá cód QR a fháil trí ríomhphost na scoile. Tá cead tuismitheoirí/caomhnóirí ag teastáil chun an Aip a úsáid. Faraor ní féidir le teaghlach logáil isteach. Beidh cód éagsúil ag gach páiste agus tuismitheoir/caomhnóir. Beidh ceachtanna réamh thaifeadta agus uaslódáilte trí DojoRanga.

### Zoom

Is ardán físchomhdhála é Zoom a chuirfidh ar chumas múinteoirí, foireann agus páistí ceangal trí nasc beo. Nascfaidh na múinteoirí le páistí go rialta trí chruinnithe réamh-shocruithe Zoom.

# 5.0 Rialacha maidir le páistí ag úsáid cumarsáide ar líne

Chun an fhoghlaim a chur isteach:

1. Cuir isteach obair agus pictiúr atá oiriúnach – faigh duine fásta le féachaint ar do chuid oibre sula seolann tú isteach í.
2. Úsáid focail cineálta agus cairdiúil.

Do ghlaonna físe/Zoom:

1. Cuirfear gach cuireadh chuig seoladh ríomhphoist tuismitheoirí/caomhnóirí. **Iarrtar ort gan an ríomhphost seo a roinnt le h-éinne eile.** Má tá aithne agat ar aon thuismitheoir/chaomhnóir i rang do pháiste nach bhfuair cuireadh cuir an múinteoir ar an eolas agus déanfar teagmháil leo.
2. Beidh pasfhocal cosanta ag gach cuireadh.
3. Beidh an 'Seomra Feithimh' ar siúl chun go mbeidh ceannas ag an múinteoir ar cé hiad a bhfuil cead isteach acu. Cinntíonn sé seo freisin go bhfuil siad ansin ó thús go deireadh an chruinnithe. Roghnaíonn an múinteoir am scoite. Ní bheidh cead isteach ina dhiaidh sin.
4. Cuimhnigh go shíníonn tú isteach ar Zoom le do ainm baiste amháin.
5. Iarrtar ar gach duine a bheith gléasta don chruinniú – ní cheadaítear pitseamaí.
6. Caithfidh gach duine a bheith múchta ag teacht isteach agus déanfaidh an múinteoir dí-mhúchtáil nuair is gá.
7. Ní cheadaítear pictiúr nó taifid den ghlao físe.
8. Cuimhnigh ar rialacha na scoile – tá siad i bhfeidhm, fiú ar líne.

9. Ba cheart go mbeifeá in áit phoiblí sa teach (ní an seomra codalta), chun go mbeidh tuismitheoirí/caomhnóirí ag coinneáil súil ort.
10. Ardaigh do lámh roimh labhairt mar a dhéanfá sa seomra ranga
11. Má fhaigheann tú seans labhairt, labhair i do gnáth ghuth, ag úsáid focail chineálta chairdiúla
12. Taispeáin meas trí éisteacht le daoine eile nuair atá siad ag caint.
13. Bí in am – socraigh meabhrúchán má chuidíonn sé leat.
14. Bain sult as ! Ná dearmad do lámh a chroitheadh chun 'hello' a rá nuair a thagann tú isteach.
15. Cuimhnítear do thuismitheoirí/chaomhnóirí nach bhfuil siad faoi aon oibleagáid a bpáiste glao Zoom a ghlacadh agus gur féidir leo an glao a chríochnú ag aon am.

## 6.0 Treoirlínte do thuismitheoirí agus chaomhnóirí

Don fhoghlaim

Tá sé de fhreagracht ar thuismitheoirí/chaomhnóirí

1. Cinntiú go ndéantar feitheoireacht ar a bpáistí agus iad ag obair ar líne.
2. An obair a sheiceáil agus cinntiú go bhfuil an obair a chuireann siad chuig múinteoirí oiriúnach
3. Leanúint ag athbhreithniú bearta sábháilteachta ar líne don pháiste.

Do ghlaonna físe Zoom

1. Níor chóir pictiúir nó taifid de glaonna físe a thógáil ar aon chúis.
2. Cinntigh go bhfuil do sheoladh ríomhphoist ceart ag an scoil chun cuireadh a thabhairt duit a bheith páirteach in aipeana agus cruinnithe.
3. 'Sé príomh chuspóir glao físe ná páirt a ghlacadh i gníomhaíochta foghlama ar líne agus tú ag coinneáil nasc sóisialta idir foireann na scoile agus na páistí. Spreag na páistí éisteacht agus taitneamh a bhaint as.
4. Bí ar an eolas nuair a ghlacann tú páirt in nglao físe grúpa go bhfeictear agus go gcloistear thú mura bhfuil do ghléas múchta agus do cheamara casta as.
5. Chomh luath agus a dheineann tú logáil isteach go Zoom rachaidh tú sa 'Seomra Feithimh'. Tabhair faoi deara nach nglacfaidh an foireann aon duine isteach mura naithníonn siad thú le do chuntas Zoom (d'ainm clainne).
6. Déan cinnte go bhfuil do pháiste in am do fhíseán sceidealta nó ní bheidh cead isteach acu. Logáil isteach cúig nóiméad roimh an am chun seans a thabhairt don fhoireann na seoltaí ríomhphoist a chinntiú.
7. Déan cinnte go bhfuil eolas ag do pháiste ar an ngléas atá a úsáid acu – conas múchtáil/dí mhúchtáil agus an ceamara a chasadh ar/as.
8. Ba chóir go mbeadh gach duine gléasta i gceart don chruinniú.
9. Ba chóir cúlra/seomra oiriúnach a roghnú don ghlao físe.
10. Le faisnéis mhionsonraithe ar RGCS agus Zoom tabhair cuairt ar https://zoom.us/privacy

Mar thoradh ar aon sharú ar na treoirlínte thuas cuirfear deireadh leis an modh teagmhála seo. D'fhéadfadh sé bheith mar thoradh freisin go gcuirfí duine as an chruinniú nó go gcuirfí deireadh leis an chruinniú.

## 7.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do pháistí

1. Seiceáil an obair atá tugtha gach seachtain.
2. Ní cheadaítear cumarsáid a dhéanamh ach i rith gnáth am scoile.
3. Leanfar gnáth fhéilire na scoile.
4. Baineann na polasaithe scoile seo leanas le cianteagasc agus foghlaim:
    a) An Cód Iompair
    b) Polasaí Frithbhulaíocht
    c) Polasaí Úsáide Inghlactha
5. Leanfar le dea-chleachtais Teagaisc agus Foghlama a bheith i bhfeidhm. Beifear ag súil go mbeidh tascana na bpáistí déanta chomh maith agus is féidir agus istigh in am, nuair is féidir san am éabhlóideach fasach seo.
    a) Sa mhéid agus is féidir beidh soláthar déanta do pháistí RSO atá ag úsáid modheolaíochta Cianfhoghlama.
    b) Sa mhéid agus is féidir beidh soláthar déanta do pháistí RSO atá in ard bhaol do Covid 19 agus atá ag úsáid modheolaíochta Cianfhoghlama.

## 8.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do thuismitheoirí/chaomhnóirí

1. Iarraimid ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go gcloíter le prótacail do pháistí.
2. Seiceáil isteach ar obair scoile a bpáiste go laethúil agus labhairt leo faoin obair atá dáilithe amach dóibh.
3. Tá sláinte agus folláine gach duine thar a bheith tábhachtach. D'fhéadfadh go n-athródh cúrsaí d'aon duine againn, múinteoirí nó tuismitheoirí/caomhnóirí, go tobann. Mar sin coinnigh an scolaíocht i bpeirspictíocht agus ná lig d'aon rud a bhaineann le h-obair scoile cur isteach diúltach ar do pháiste. Is tú príomh oideoir do pháiste agus is tú a dheineann na cinní. Molaimid beagán oibre gach lá seachtaine le haghaidh gnáthamh. Soláthraímid obair agus treoir agus iarraimid ar thuismitheoirí, caomhnóirí agus páistí a ndícheall a dhéanamh.

## 9.0 Prótacail Cianda Teagaisc agus Foghlama do Mhúinteoirí/CRSanna

1. Seiceáil an obair atá tugtha gach seachtain.
2. Ní cheadaítear cumarsáid a dhéanamh ach i rith gnáth am scoile.
3. Leanfar gnáth fhéilire na scoile.
4. Baineann na polasaithe scoile seo leanas le cianteagasc agus foghlaim:
    a) Polasaí Cosanta Leanaí
    b) Polasaí Um Cosaint Sonraí
5. Leanfaidh dea chleachtas Teagaisc agus Foghlama a bheith i bhfeidhm. Beifear ag súil go gcuirfidh na páistí gach tasc i láthair chomh maith agus is féidir leo agus in am.

## 10.0 Soláthar cianda Teagaisc agus Foghlama go sonrach do na cásanna seo leanas a bhaineann le Covid 19.

A. **Soláthar do pháistí atá i mbaol an ard do Covid 19**
   Rachaidh an scoil i dteagmháil díreach leis na tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le soláthar cianda oideachais do pháistí a mheastar a bheith i **mbaol an ard** do Covid 19 (féach treoirlínte FSS) áit a bhfuil deimhniú leighis curtha ar fáil don scoil.

B. **Cuirfear soláthar oideachais ar fáil do gach páiste, a dtugann a ndochtúir sláinte/FSS treoir dóibh féinleithlisiú, mar seo leanas:**
   1. **Páistí atá ag fanacht ar thorthaí tastála Covid 19 dóibh féin nó d'aon bhall clainne agus a dtugann a ndochtúir clainne treoir dóibh féinleithlisiú sa bhaile ar feadh cúpla lá**
      Tabharfar tacaíocht dóibh nuair a fhilleann siad ar scoil.
   2. **Páistí atá ag féinleithlisiú sa bhaile ar threoir a ndochtúir clainne de bharr cás dearfach ina gclann/dlúth cheangal taobh amuigh den scoil (tréimhse 14 lá aonrú),**
      Déanfaidh an múinteoir teagmháil leo tríd Dojo Ranga (ní ar físeán)
   3. **Boilgeog scoile (grúpa seisear) atá ag féinleithlisiú ar threoir an FSS**
      Déanfaidh an múinteoir teagmháil leo tríd Dojo Ranga (ní ar físeán)
   4. **Meithleach scoile (rang iomlán) atá ag féinleithlisiú ar threoir an FSS (tréimhse 14 lá aonrú)**
      Déanfaidh an múinteoir teagmháil laethiúil leis an Meithleach tríd Dojo Ranga agus go rialta ar Zom.
   5. **Dúnadh scoile iomlán ar threoir an FSS (Fad an dúnta faoi chomhairle Sláinte Poiblí)**
      Déanfaidh an múinteoir teagmháil leis na páistí tríd fhoghlaim chumaisc de cheachtanna réamh thaifeadta, tríd Dojo Ranga agus go rialta ar Zoom.

Tabhair faoi deara nach stadas seasmhach é seo agus go bhféadfhadh cúrsaí athrú i rith na bliana.

## 11.00 Achoimre

1. Déan an méid gur féidir leat, i do chúinsí. Ná bac le leabhair nó leabhair oibre faoi láthair ach amháin an obair a leagann an múinteoir amach.
2. Ní bheidh aon obair scoile ar laethe nach bhfuil an scoil ar oscailt. Ní bheidh aon ghníomhaíochtaí ar Dojo Ranga, Aladdin nó Zoom ar na laethe sin.
3. Coimeád súil ar an Aip Dojo Ranga – sin príomh modh cumarsáide na scoile i rith an ama seo.
4. Iarraimid ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar pháistí agus ar mhúinteoirí cinntiú go gcloítear leis na prótacail i gcónaí.
5. Mura bhfuil nasc agat go fóill le haon cheann de na h-ardáin ar líne – Dojo Ranga, Aladdin, Zom déan é le do thoil. Má tá deacrachtaí agat nó má tá aon cheisteanna eile agat déan teagmháil leis an scoil ar eolas@gsue.ie nó ag 085-8603363.

Gabhaimid buíochas le pobal na scoile as cloí leis na treoirlínte thuas maidir le sábháilteacht agus leas gach duine.

## 12.00 Aipeanna Molta

Chomh maith le plean oibre barrtha dod' pháiste molaimid na h-Aipeanna seo leanas a d'fhéadfadh do pháiste a úsáid. Ach ná bí buartha mura n-éiríonn leat teacht ortha. Tá Aipeanna agus áiseanna eile le fáil ar www.gsue.ie

- **Cúla 4** Sár mhaith do pháistí óga do fhoclóir Gaeilge – éasca a úsáid. Tá cartúin ann freisin i nGaeilge do pháistí óga a bheadh cabhrach ag amanna le leas na Gaeilge.
- **Doulingo** Oiriúnach do Rang 2 ar aghaidh. Aip iontach. Triail ar chumas Gaeilge an pháiste ar dtús agus ansin leannacht ar aghaidh de réir a leibhéal féin (10 nóiméad sa lá)
- **Mathaduel** Táblaí – taitneamhach agus idirghníomhach.
- **Starfall** Litriú. Úsáídeach chun coinneáil le litriú ach ní mar obair scoile.
- **Jolly Phonics** Chun foghlaim foghraíochta a choinneáil suas do pháistí óga.
- **Dolch Words** Réimse leathan ar fáil – chun focail ó shúil a fhorbairt
- **Nessy** Chun léitheoireacht le páistí le disléicse nó deacrachtaí.
- **Pink Fong** Scéalta digiteacha do pháistí óga – an mhaith agus tarraingteach.
- **Khan Academy** Úsáideach do ard ranganna don Mata
- **Kahoot** Do eolas ginearálta agus tráth na gceist
- **Toontastic** Seans an Aip is fearr riamh do scéalaíocht digiteach- is féidir le páistí a scéal digiteach féin a cheapadh – ag roghnú réimse carachtair, suíomh, agus cúlra ceoil. Déanann siad tús, lár agus deireadh an scéil a pleanáil agus a nguthanna a thaifead.
- **Puppetpals** Cosúil le Toontastic – do pháistí óga – Is féidir leo iad féin a thaifead ag insint scéil.
- **Lightbot** Aip códaithe – an mhaith do gach aois.